Tugann an Roinn aird go fóill ar rioscaí móra airgeadais agus ar rioscaí a bhaineann le gnó maidir leis an gciste trí Chlár Rioscaí na Roinne. Níl aon riosca mór airgeadais ná aon riosca eile a bhaineann le gnó ann maidir leis an gciste ar Chlár Rioscaí na Roinne. Doiciméad beo is ea an Clár agus nuashonraítear é chun rioscaí úra a sainathnódh nó athruithe ar na rioscaí reatha a chur san áireamh.

Saincheisteanna Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh


Níor sainathnódh aon laigí eile i rialú airgeadais inmheánach maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair cailteanas ábhartha nó as a bhféadfadh cailteanas ábhartha eascairt.

Paindéim Covid-19

D'fhorbair an Roinn Clár Rioscaí Covid-19 in éineacht le Plean Freagartha Covid-19. Cuireadh an Clár Rioscaí Covid-19 i dtoll a chéile le hionchur ón gCoiste Bainistithe Riosca agus ón gCoiste Iniúchóireachta. Is é is cuspóir leis cabhrú le rioscaí a bhaineann le Covid-19 a bhainistiú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Áirítear ar a bhfuil ann rioscaí d'fholláine na foirne agus rioscaí slándála TFC agus tá sé ar fáil do Choistí áitiúla agus Ranna Covid-19 chun cuidiú le monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí ar leith a thagann chun cinn de dheasca Covid-19.

Cuireadh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí in oiriúint chun measúnú a dhéanamh freisin ar na rioscaí atá ann de dheasca phaindéim Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe agus ar chomh éifeachtacht is atá an rialú agus na straitéisí maolaithe comhfhreagracha atá curtha i bhfeidhm ag an mbainistíocht.

Sínithe ag:



Graham Doyle
An tArd-Rúnaí

Dáta: 28 Lúil 2022

Cuntas Chiste Rialtais Áitiúil 2021

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

1. An Bunús Cuntasaíochta

Bunaíodh an Ciste Rialtais Áitiúil (CRÁ) leis an Acht Rialtais Áitiúil, 1998 le héifeacht ón 1 Eanáir 1999. Íocann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim fáltais a eascraíonn as Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) díreach isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil.

Cuimsítear sa CRÁ cuntas bainc tráchtála agus cuntas infheistíochta arna bhainistiú agus arna rialú ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a bhainistíonn an CRÁ agus déantar na costais riaracháin ghaolmhara a ghearradh ar Vóta 34.

Ullmhaíodh an cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 san fhoirm agus ar an modh atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Is ar bhonn fabhráithe a ullmhaíodh an cuntas de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach thíos.

2. Beartas Maoinithe

Maoinítear an CRÁ trí chistiú ón státchiste agus trí fháltais ón gCáin Mhaoine Áitiúil. Lóisteálann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim fáltais ón gCáin Mhaoine Áitiúil isteach sa Chuntas Infheistíochta. Íoctar suimeanna iníochta ón CRÁ amach as an gcuntas bainc tráchtála. Aistrítear na suimeanna chuig an gcuntas bainc tráchtála ón gcuntas infheistíochta sula ndéantar na híocaíochtaí a íoc leis na híocaithe ábhartha.

3. Ioncam

Aithnítear ioncam chuig an gciste mar seo a leanas:

- Íocann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim Cáin Mhaoine Áitiúil díreach isteach sa chuntas infheistíochta. Is ionann an méid a aithnítear sa bhliain agus an méid a fhagheann na Coimisinéirí Ioncaim i mbliain an chuntais.
- Aithnítear maoiniú státchiste ó Vóta 34, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar bhonn fáltais airgid.

4. Caiteachas

Déantar caiteachas as an gCiste i gcomhréir le halt 6 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, agus leis na leasuithe ina dhiaidh sin ar an Acht mar a léirítear thíos:

- Caiteachas arna cheadú ag an Aire
- Leithdháiltí Cánach Maoine Áitiúla a mheastar a bheidh dlíthe do na húdaráis áitiúla sa bhliain 2021



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le tíolacadh do Thithe an Oireachtais

An Ciste Rialtais Áitiúil

Tuairim maidir leis an gCuntas

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Rialtais Áitiúil arna n-ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig

2021 faoi alt 3 den Acht Rialtais Áitiúil 1998. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart

- ar na hidirbhearta ar an gCiste Rialtais Áitiúil don bhliain 2021, agus
- ar iarmhéid an Chiste amhail an 31 Nollaig 2021.

Bunús na Tuairime

Thug mé faoi m'iniúchadh ar an gcuntas de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (CIIInna) faoi mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscáil na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus tá mo chuid freagrachtaí eitiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas maidir le rialú airgeadais inmheánach agus ar nithe eile

Tá ráiteas ar an rialú airgeadais inmheánach chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha faoi mo bhráid ag an Oifigeach Cuntasaíochta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm i ndáil le tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis sa ráiteas maidir le rialú airgeadais inmheánach, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscáil na tuarascála seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

31 Iúil 2022

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht

Tá an Roinn seo freagrach as

- an gcuntas bliantúil a ullmhú,
- as a chinntiú go dtugann an cuntas léiriú cuí ar ghlacadh isteach agus ar dhiúscairt airgid a bailíodh,
- as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- as pé rialú inmheánach atá riachtanach d'fhonn cuntas a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaos nó earráid, a chur i bhfeidhm.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 3(7) den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, ráitis airgeadais an Chiste Rialtais Áitiúil a iniúchadh agus tuairisciú ina leith chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhu réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíríteas ábhartha mar thoradh ar chalaos nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhairthe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na CIlInna, ar mhírítis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaos nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar an gcuntas seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na CIlInna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, bíodh sin mar thoradh ar chalaos nó earráid a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasáíochta agus na nochtaí ábhartha a mheas.

Déanaim teagmháil leis an Roinn maidir le, i measc ábhair eile, scóip agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithnínm le linn dom m'iniúchadh a chur i gcrích.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil an cuntas ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ráiteas ar Rialú Aireadais Inmheánach

Ní bhaineann mo thuairim ar an gcuntas leis an ráiteas maidir le rialú airgeadais inmheánach a chuirtear i láthair leis an gcuntas seo, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar an gcuntas, tá sé de cheanglas orm faoi na CIlInna an ráiteas maidir le rialú airgeadais inmheánach a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis atá ann ag teacht go hábhartha leis an gcuntas nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, sin nó an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaim fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na críocha dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

An Ciste Rialtais Áitiúil


Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

<u>loncam</u>	<u>Nótaí</u>	2021 €000	2020 €000
Maoiniú Státhchiste (Vóta 34, Fo-mhírcheann C.3)	1	699,300	1,056,060
Cáin mhaoine áitiúil	2	550,475	481,520
loncam iomlán		<u>1,249,775</u>	<u>1,537,580</u>

Caiteachas

Íocaíochtaí Cánach Maoine Áitiúla	3	530,486	516,820
Tarscaoileadh Rátaí Covid-19	4	483,732	728,997
Ranníocaíocht ón Údarás Áitiúil i leith Pá agus Pinsin	5	130,300	109,529
Tacaíochtaí breise Covid-19	6	59,957	132,662
Íocaíochtaí a bhaineann le rátaí - stáisiúin chumhachta	7	7,200	-
Táillí maidir le bainistiú tionscadal do chlár éifeachtúlachta fuinnimh	8	4,709	-
Tacaíocht don turasóireacht	9	3,618	400
Costais luacha saothair comhaltaí tofa	10	3,400	-
Nuálaíocht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil	11	2,624	2,553
Tacaíochtaí Bardasacha	12	1,000	-
Éire Ildánach	13	1,000	1,000
Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil Éigeandála	14	525	961
Aisíocaíochtaí na Scéime Pinsin Aonair	15	478	-
An Tionscnamh Forbartha Eacnamaíochta	16	445	-
Coiste na Réigiún (aonad Ghnóthaí AE)	17	174	177
Feabhsú limistéar poiblí	18	165	-
An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta	19	149	128
Eile	20	430	692
Íocaíochtaí a bhain le Rátaí Uisce		-	2300
Caiteachas iomlán		<u>1,230,392</u>	<u>1,496,219</u>
Barrachas don bhliain		<u>19,383</u>	<u>41,361</u>

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar leathanach 3 agus nótaí 1 go 22.

Sínithe ag: 
Graham Doyle
An tArd-Rúnaí


Dáta: 28 Lúil 2022

An Ciste Rialtais Áitiúil

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

	<u>Nótaí</u>	2021 €000	2020 €000
Sócmhainní Airgeadais			
Cuntas infheistíochta agus cuntas bainc		285,220	266,330
Sócmhainní reatha			
Réamhíocaíocht		-	3,500
Ioncam fabhraithe	21	662	5,257
		<u>285,882</u>	<u>275,087</u>
Dliteanais Reatha			
Ilchreidiúnaithe	22	126,534	135,122
		<u>159,348</u>	<u>139,965</u>
Glansócmhainní			
Arna léiriú ag			
Cúlchistí amhail an 1 Eanáir		139,965	98,604
Barrachas don bhliain		19,383	41,361
		<u>159,348</u>	<u>139,965</u>
Cúlchistí amhail an 31 Nollaig			

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar leathanach 3 agus nótaí 1 go 22.

Sínithe ag: 
Graham Doyle
An tArd-Rúnaí

Dáta: 28 Lúil 2022

An Ciste Rialtais Áitiúil

Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid amhail an 31 Nollaig 2021

	2021 €000	2020 €000
Réiteach ar bharrachas/(easnamh) chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas don bhliain	19,383	41,361
Laghdú/(méadú) ar fhéichiúnaithe	8,095	(6,399)
(Laghdú)/méadú i gcreidiúnaithe	(8,588)	134,572
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>18,890</u>	<u>169,534</u>

Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid


Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	18,890	169,534
Méadú ar airgead tirim	<u>18,890</u>	<u>169,534</u>

Réiteach ar ghlansreafaí airgid chuig gluaiseacht i glanchistí

Athruithe ar ghlanchistí ó shreabhadh airgid

Glanchistí ag tús na bliana	266,330	96,796
Glanchistí ag deireadh na bliana	285,220	266,330
Méadú ar airgead tirim sa bhliain	<u>18,890</u>	<u>169,534</u>

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar leathanach 3 agus nótaí 1 go 22.

Sínithe ag: 
Graham Doyle
An tArd-Rúnaí

Dáta: 28 Lúil 2022

Nótaí leis an gCuntas

1. Maoiniú Stáitchiste (Vóta 34, Fo-mhírcheann C.3)

	2021 €000	2020 €000
Bunmhaoiniú	192,000	156,060
Maoiniú breise do thacaíochtaí Covid-19	507,300	900,000
Iomlán	699,330	1,056,060

Léirítear san fhiigiúr seo an t-airgead a chuir an tOireachtas ar fáil i gcomhréir le hAlt 4 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998, arna leasú le hAlt 17 den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009. Is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a chinneann an tsuim sin gach bliain, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh maoiniú breise ar fáil in 2021 chun tacú le húdaráis áitiúla mar thoradh thionchar Covid-19 ar rátaí tráchtála agus chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil d'earnáil an rialtais áitiúil ar imir paidéim Covid-19 tionchar uirthi.

2. Cáin Mhaoine Áitiúil

Léirítear san fhiigiúr seo an méid Cánach Maoine Áitiúla a fuair Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim sa bhliain 2021. Faightear CMÁ i gcomhréir le hAlt 157 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012 (arna leasú ag alt 54 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2017). I ngach bliain airgeadais ag tosú leis an mbliain 2018, íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil aon CMÁ a fuair siad i rith na bliana sin (lena n-áirítear aon ús nó aon phionós a íocadh uirthi). Is de thoradh líon níos airde réamhíocaíochtaí don bhliain 2022 a bhí méadú ar fháltais in 2021.

3. Íocaíochtaí Cánach Maoine Áitiúla

Léirítear san fhiigiúr seo íocaíochtaí a rinneadh le húdaráis áitiúla i ndáil leis an mbliain dár críoch an 31 Nollaig 2021 i gcomhréir le Cinneadh an Rialtais ar Cháin Mhaoine Áitiúil a choinneáil go háitiúil. Áirítear leis seo ranníocaíocht stáitchiste €35.1 milliún chun freastal ar an easnamh idir leithdháiltí CMÁ d'údaráis áitiúla aonair agus an ioncam réamh-mheasta CMÁ don bhliain dliteanais 2021. Bhí na leithdháiltí bunaithe ar ioncam réamh-mheasta CMÁ 2021 agus cuireadh san áireamh freisin na cinntí a rinne 25 comhairle na rátaí CMÁ ina gceantair féin faoi seach a athrú. Tá na leithdháiltí CMÁ chuig údaráis áitiúla aonair don bhliain 2021, lena n-áirítear faisnéis mhionsonraithe i ndáil le maoiniú um chomhionannú, agus an tionchar gaolmhar ag cinntí athraithe áitiúla ar bith, foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Rinneadh íocaíocht sa bhreis ar fiú €630,000 í le Comhairle Chontae Shligigh i ndáil le plean airgeadais.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

4. Tarscaoileadh Rátaí Covid-19

Is iad rátaí tráchtála an fhoinsé ioncaim is mó atá ag na húdaráis áitiúla agus tá siad fíorthábhachtach chun go mbeidh ar chumas na n-údarás áitiúil seirbhísí a chur ar fáil. Bhí foráil bhuiséid déanta ag na húdaráis áitiúla chun rátaí €1.7 billiún a bhailiú sa bhliain 2021 ó thart ar 150,000 réadmhaoin tráchtála agus tionscail. Mar fhreagairt ar an bpaindéim Covid-19, chuir an Rialtas tarscaoileadh rátaí tráchtála i bhfeidhm do R1 go R3 2021, ar chostas iomlán €422.3 milliún. Leithdháileadh €61.4 milliún sa bhreis do R4 2021. Ciallaíonn sé sin gur forchúitíodh €483.7 milliún san iomlán leis na húdaráis áitiúla chun costas na dtarscaoiltí rátaí tráchtála don bhliain 2021 a mhaoiniú. De réir na rialachán, chur na húdaráis áitiúla an tarscaoileadh rátaí tráchtála i bhfeidhm ar gach cuntas incháilithe rátaí tráchtála. Chuir na húdaráis áitiúla tuairisceáin airgeadais deimhnithe ar fáil ansin agus rinne an Roinn athbhreithniú orthu.

5. Ranníocaíocht ón Údarás Áitiúil i leith Pá agus Pinsin

Léirítear san fhigiúr sin íocaíocht a rinneadh le húdaráis áitiúla chun cuidiú leis na costais bhreise sa bhliain 2021 a bhain le foirceannadh na reachtaíochta maidir le Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail (BÉAML) a íoc agus éifeacht charnach na gComhaontuithe Náisiúnta Pá a chur i bhfeidhm, suas go dtí Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí, agus é sin san áireamh. Ba é an aidhm fhoriomlán leis an gcúiteamh sin an t-ualach a mhaolú maidir le méaduithe ar rátaí pá don fhoireann reatha agus athruithe ar rátaí Laghdú Pinsean na hEanála Poiblí ó dheireadh na bliana 2015 i leith mar iarmhairt dhíreach ar fhoirceannadh BÉAML.

6. Tacaíochtaí breise Covid-19

Cé gurbh é an tionchar a bhí ann ar rátaí an tionchar ba mhó a bhí ann don chuid is mó de na húdaráis áitiúla, agus go ndeachaigh an tarscaoileadh i ngleic leis, bhí tionchar ag na bearta sláinte poiblí Covid-19, a cuireadh i bhfeidhm ar an 12 Márta 2020, ar chumas na n-údarás áitiúil leas a bhaint as roinnt fhoinsí ioncaim eile in 2021, ar nós Fíneálacha/Táillí Páirceála, Táillí Pleanála etc.

Tabhaíodh caiteachas breise san earnáil fad a bhíodhas ag tabhairt aghaidh ar an éigeandáil sláinte poiblí. Áiríodh ar na costais bhreise oifigí agus saoráidí eile a chur in oiriúint, trealamh cosanta pearsanta a ceannaíodh taobh amuigh de chonradh na hOifige um Sholáthar Rialtais, conarthaí glantacháin ar fud seirbhísí agus spásanna poiblí, agus cumarsáid, comharthaíocht agus fógraí. Ba ionann an maoiniú sin agus €59.9 milliún (€132.7 milliún in 2020).

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

7. **Íocaíochtaí a Bhaineann le Rátaí - Stáisiún Chumhachta**

Fógraíodh ar an 31 Deireadh Fómhair 2020 go gcuirfí maoiniú €3.3 milliún ar fáil do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí in 2021 agus go gcuirfí €1.4 milliún ar fáil do Chomhairle Chontae an Longfoirt in 2021. Tá an maoiniú seo á chur ar fáil mar aitheantas ar dhúnadh móinstáisiún chumhachta sa dá chontae ag deireadh na bliana 2020. Aithnítear leis an bpacáiste maoinithe an diantionchar a bheidh ag dúnadh na stáisiún seo ar ioncam ó rátaí tráchtála do na húdaráis lena mbaineann. Tháinig tuairim is 15% d'ioncam Chomhairle Chontae an Longfoirt ó rátaí don bhliain 2019 ón stáisiún cumhachta i mBéal Átha Liag, agus ón stáisiún i nDroichead na Sionainne a fuair Comhairle Chontae Uíbh Fhailí thart ar 20% dá hioncam ó rátaí don bhliain chéanna.

Tugadh €2.5 milliún do Chomhairle Contae an Chláir sa bhliain 2020 chun an cailteanas a thabhódh sí mar thoradh ar luacháil ar rátaí do stáisiún cumhachta Ghob na Muine a mhaolú sular tharla sé. Ba é thoradh na luachála sin gur tháinig laghdú €2.7 milliún ar ioncam Chomhairle Contae an Chláir.

8. **Táillí maidir le Bainistiú Tionscadal do Chlár Éifeachtúlachta Fuinnimh**

Sa bhliain 2021, sheol an Roinn Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh Iarfheistithe (CÉFI) maidir le tithíocht shóisialta na n-údarás áitiúil, a ndearnadh athbhreithniú air go gairid roimhe sin agus ar cuireadh feabhas air. Sa bhreis ar an maoiniú €65 milliún a cuireadh ar fáil in 2021 i dtreo iarfheistiú fuinnimh a dhéanamh ar thithíocht shóisialta ar leis na húdaráis áitiúla í, cuireadh €5 milliún ar fáil i leith Táillí maidir le Bainistiú Tionscadal (TBT) laistigh den Chiste Rialtais Áitiúil chun cuidiú le húdaráis áitiúla an CÉFI a sheachadadh. Ó 2022 ar aghaidh, leanfar leis an bhforáil maoinithe €5 milliún do TBT a chur ar fáil d'údaráis áitiúla tríd an CÉFI, ach ní bheidh baint ag an gCiste Rialtais Áitiúil leis tar éis na bliana 2021.

Tá an TBT, a ceapadh chun acmhainní a chur ar fáil d'údaráis áitiúla, le díriú ar a chinntiú go ndéantar baill foirne a earcú don chlár, sin nó go gcuirtear uasoiliúint orthu de réir mar is gá, chun an spleáchas ar shainchomhairleoirí seachtracha a laghdú go dtí an bhliain 2030, agus chun cuidiú le riar an Chláir freisin. Thug earnáil na n-údarás áitiúil le fios in 2021 go raibh 78 ball foirne earcaithe go lánaimseartha ar an tionscadal CÉFI.

Tacóidh an maoiniú TBT le baill foirne breise in Oifig Chomhordú an tSoláthair Tithíochta (OCST) a fhostaítear chun feidhmíocht a bhrú chun cinn agus chun treoir a thabhairt d'údaráis áitiúla i ndáil le riar na scéime. Tá cainteanna ag dul ar aghaidh leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil/OCST faoi láthair agus lonnóidh beirt bhall foirne nua laistigh den OCST in R4 2021.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

9. **Tacaíocht don turasóireacht**

Cuireadh €3.62 milliún ó leithdháileadh na scéimeanna ilghnéitheacha ar fáil chun cuidiú le húdarais áitiúla a bheith in ann tacú le samhradh amuigh faoin spéir do chuartheoirí agus daoine áitiúla araon. Cuireadh leithdháileadh comhréireach a bhí bunaithe ar líon an daonra ar fáil don chuid is mó de na húdarais áitiúla, chomh maith le leithdháileadh comhréidh do Chomhairlí Contae Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Gaillimhe, i bhfianaise a staide mar ionaid chruinnithe do na ceantair mórtimpeall orthu.

Níor ceapadh an scéim le bheith forordaitheach ach áiríodh ann, mar shampla, soláthar agus glanadh leithreas inaistrithe agus boscaí bruscair in áiteanna poiblí, teorannú sráideanna do choisithe agus soláthar áiteanna faoin aer chun greim a ithe, nó bearta ar bith eile a chuidigh le daoine ar láithreacha lasmuigh ar fud na tíre. Áiríodh ar na láithreacha seo páirceanna, tránna, glasbhealaí, sráideanna teorannaithe do choisithe nó láithreacha eile i limistéar údarais áitiúil a raibh tóir ag cuairteoirí orthu.

10. **Costais Luacha Saothair Comhaltaí Tofa**

Ar an 18 Bealtaine 2021, cheadaigh an Rialtas tograí chun an luach saothair a bhí iníoctha le comhaltaí tofa na n-údarás áitiúil a leasú, ag cur na moltaí i dTuarascáil Moorhead san áireamh. Tháinig na leasuithe in éifeacht ar an 1 Iúil 2021. Rinne an Rialtas gealltanús go maoineodh sé costas na leasuithe seo ar feadh na tréimhse 6 mí sin in 2021. Tar éis moill 6 mí, a raibh gá léi, ar thabhairt isteach éigeantach gné amháin den pacáiste nua luacha saothair, laghdaíodh costas measta an mhaoinithe arna theastáil go €3.4 milliún don bhliain 2021.

11. **Nuálaíocht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil**

Tabhaíodh caiteachas deimhnithe €2.6 milliún (€2.6 milliún in 2020 freisin) i ndail le tionscadail a bhain le clár an Rialtais Áitiúil um éifeachtúlacht agus athchóiriú, mar aon leis an gclár Seirbhíse Poiblí i gcoitinne. Tacaíonn sé le tionscadail a spreagann an nuálaíocht, a chuireann éifeachtúlachtaí chun cinn i bhfeidhmiú agus i seachadadh seirbhísí údarás áitiúil, agus tacaíonn le bunú seirbhísí comhroinnte i measc údarais áitiúla. Déantar iad seo a sheachadadh trí Oifig Bainistithe Tionscadal den Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

12. **Tacaíochtaí Bardasacha**

Tugadh leithdháileadh eisceachtúil aon uaire ar fiú €1 milliún é do Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar réamh-mhaoiniú in 2020. Baineadh leas as na cistí seo chun cuidiú leis na ceantair bardasacha agus an próiseas buiséid na gCeantar Bardasach a láidriú, de réir na gcuspóirí i gClár an Rialtais.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

13. Éire Ildánach

Tionscnamh uile-Rialtais cúig bliana is ea Éire Ildánach, idir na blianta 2017 agus 2022, chun cruthaitheacht a chur i gcroílár beartais phoiblí. Clár bunaithe ar chultúr atá ann a dearadh chun folláine an duine aonair, folláine an phobail agus folláine an náisiúin a chur chun cinn. Is é an bunsmaoineamh a bhaineann leis go spreagann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha an chruthaitheacht phearsanta agus choiteann, a mbaineann impleachtaí suntasacha leis sin do dhaoine aonair agus d'fholláine agus do ghnóthú na sochaí. Tá cúig cholún sa chlár:

1. Óige Ildánach - Cumas Cruthaitheach gach Linbh agus Duine Óig a Chumasú
2. Pobail Ildánacha - Cruthaitheacht a Chumasú i ngach Pobal
3. Infheistíocht Ildánach - Infheistíocht a Dhéanamh i mBonneagar Cruthaitheachta agus Cultúir na Tíre
4. Tionscail Ildánacha - Éire ina hIonad Barr Feabhais ó thaobh na Cruthaitheachta
5. Cáil Domhanda - Náisiún Cruthaitheach agus Cultúrtha

Cuireadh €1 milliún ar fáil (díreach os cionn €32,000 do gach údarás áitiúil) ón gciste i dtreo Cholún a Dó chun tacú le tionscnaimh laistigh de phobail áitiúla trí údaráis áitiúla agus tacú le Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta gach údaráis a chur i bhfeidhm.

Iarradh ar údaráis áitiúla na torthaí seo a leanas a sheachadadh:

- Rannpháirtíocht pobail áitiúil sa Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta atá acu a éascú a mhéid is féidir
- Tacú le réimse leathan imeachtaí/tionscadal cultúir áitiúil
- A chinntiú go mbíonn gach imeacht/tionscadal ionchuimsitheach agus oiriúnach, go léirítear meas leo agus go meallann siad daoine de gach aois agus de gach cineál cúlra.
- A chinntiú go mbeidh gach imeacht/tionscadal indéanta agus go mbeifear ábalta iad a chur i gcrích laistigh den achar ama, agus
- A chinntiú go mbeidh luach ar airgead i gceist le gach imeacht/tionscadal agus go mbainfear úsáid éifeachtach as an maoiniú ar fad, de réir chuspóirí an imeachta/an tionscadail amháin.

Is í an Fhoireann Chultúir agus Chruthaitheachta i ngach údarás áitiúil a shocraíonn ar chlár cruthaitheachta fairsing de réir na dtosaíochtaí atá leagtha síos i gClár Éire Ildánach. Tá sé mar aidhm an leas a bhaintear as an maoiniú atá ar fáil a uasmhéadú. Tugadh maoiniú do níos mó má 1500 imeacht agus tionscnamh ar fud na tíre faoi Cholún a Dó sa bhliain 2021.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

14. Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil Éigeandála

Léiríonn an caiteachas sin an costas a bhaineann le daoine ó na húdaráis áitiúla a bheith ar iasacht leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dhóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála chun oibriú ar thograí a bhfuil tús áite tugtha dóibh. Is príomh-mhúnla atá éifeachtúil ó thaobh costais í an tsamhail chomhoibrithe seo chun an t-eolas agus an taithí atá ag cleachtóirí in earnáil na n-údarás áitiúil a chothú ar mhaithe le beartais a chur i bhfeidhm. Feictear gur riachtanach agus iomchuí an socrú sin a leathnú ionas go mbeidh pearsanra sheirbhís dóiteáin na n-údarás áitiúil i gceannas ar chéim chur chun feidhme tionscadal tábhachtach.

15. Aisíocaíochtaí na Scéime Pinsin Aonair

Leis an Scéim Pinsin Aonair (SPA) tugadh isteach scéim pinsin nua ar fud na seirbhíse poiblí a bhfuil earnáil an rialtais áitiúil mar chuid de do gach iontrálaí nua a bhfuil feidhm aici ón 1 Eanáir 2013. Déantar ranníocaíochtaí a chur ar ais chuig an Státchiste ar bhonn leanúnach. Rinneadh meicníocht a bhunú chun a chur ar chumas údarás áitiúil dliteanais a fhorchúiteamh a eascraíonn as feidhmiú an SPA do chatagóirí costas a thabhaítear i leith sochair pinsin agus 'bás le linn seirbhíse'; leithdháileadh buiséad €400,000 bunaithe ar shuirbhé ón roinn a bhain le tréimhse ó 2013 – 2018.

Sáraíodh an buiséad a leithdháileadh don tréimhse 2013 – 2020 de bharr costais a tabhaíodh i mblianta nár áiríodh sa suirbhé thuasluaite den chuid is mó; €77,877 a bhí ar méid breise airgid a iarradh arbh é €477,877 an t-iomlán a cúitíodh don tréimhse 2013 - 2020 de réir mar a thioctadh méadú ar líon na gcomhaltaí sa scéim nua, bheifí ag súil go dtiocfadh méadú ar dhliteanais bliain i ndiaidh bliana don tréimhse amach anseo.

16. An Tionscnamh Forbartha Eacnamaíochta

Molann údaráis áitiúla do dhaoine tacú lena ngeilleagair áitiúla agus siopadóireacht a dhéanamh i láir bailte mar chuid den ról maidir le forbairt eacnamaíochta áitiúla atá acu. Tá sé seo tábhachtach do bhailte agus do shráidbhailte agus do na gnóthaí beaga go deimhin atá i gcroílár na bpobal sin. Tacaíodh le tionscnaimh áitiúla leis an maoiniú seo chun an sprioc seo a bhaint amach i ndiaidh bliain dhúshlánach. B'ionann formhór an mhaoinithe seo agus ranníocaíocht i leith caiteachas áitiúil do shoilse na Nollag sa réimse poiblí, a tugadh roinnt maoiniú breise d'imeachtaí na Nollag amuigh faoin aer agus a tacaíodh le páirc tiomnaithe 'foghlaim an tslí le rothaíocht a dhéanamh' in aice leis an mbealach glas a bhfuil an-rath air i nDún Garbháin, Co. Phort Láirge.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

17. Coiste na Réigiún (aonad Ghnóthaí AE)

Cuireadh maoiniú €173,834 (€177,604 sa bhliain 2020) ar fáil sa bhliain 2021 chun freastal ar Thoscaireacht na hÉireann ar Choiste na Réigiún. Is é an tAonad Gnóthaí AE, atá lonnaithe i dTionól Réigiúnach an Oirthir agus na Lár Tíre, a riarann an maoiniú. Tá oifigí agus foireann ag an Aonad Gnóthaí AE i mBaile Átha Cliath agus sa Bhruiséil agus tacaíonn sé le toscaireacht na hÉireann le leasanna rialtais áitiúil agus réigiúnaigh ar Choiste na Réigiún. Is tionól AE é Coiste na Réigiún a bunaíodh faoi chonradh agus a bhfuil feidhmeanna faoi leith aige laistigh de struchtúir reachtacha níos forleithne an AE, agus tá sé comhdhéanta de thoscáirí as 27 ballstát an AE. Déanann sé ionadaíocht ar an rialtas áitiúil agus réigiúnach i bpróiseas an AE maidir le cinnteoireacht.

18. Feabhsú limistéar poiblí

Cuireadh ranníocaíocht ar fáil i leith réimse scéimeanna ar fud na hIarmhí leis an maoiniú seo, lena n-áirítear feabhas ar limistéir phoiblí do dhaoine áitiúla agus do chuiditheoirí araon.

Bhí na tionscnaimh seo go léir i gcomhréir le cuspóirí áitiúla agus náisiúnta agus tá siad ag teacht leis an mbeartas náisiúnta is ábhartha do RTRAO agus do bheartas rialtais níos leithne. Áiríodh ar na tionscadail seo feabhsúcháin ar bhealaí glasa, chun iad a bheith oiriúnach do chathaoir rothaí agus athchóiriú foirgneamh stairiúla.

19. An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta

Is é an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) an comhlacht maoirseachta náisiúnta neamhspleách d'earnáil an rialtais áitiúil in Éirinn. Bunaíodh i mí Iúil 2014 é faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 chun maoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar earnáil an rialtais áitiúil (údarás áitiúla agus comhlachtaí gaolmhara), lena n-áirítear Tionóil Réigiúnacha. Tá raon leathan feidhmeanna ag an gCoimisiún, lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí uile údarás áitiúil agus lena n-áirítear grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht ghinearálta agus ar fheidhmíocht airgeadais go sonrath. Tá ról ag an CNMI i dtacú le dea-chleachtas, i maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme beartas náisiúnta rialtais áitiúil agus i bhfaireachán agus measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme pleananna corparáideacha, ar chomhlíonadh na gcomhaontuithe seirbhíse agus ar athchóiriú na seirbhíse poiblí ag comhlachtaí rialtais áitiúil.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

20. Eile

Cuirtear maoiniú ar fáil freisin chun cabhrú leis na costais a bhaineann le tionscadail ilghnéitheacha mar seo a leanas a fóc:

	2021 €000	2020 €000
<u>Údaráis Áitiúla</u>		
Fóram Stiúrtha Uile-Oileánda	97	66
Tacaíochtaí don Chomhshaol	70	-
Feabhsúcháin na mBailte agus na Sráidbhailte	39	330
Saoráidí Spóirt Pobail	38	-
Tacaíochtaí d'Imeachtaí Idirnáisiúnta	25	25
Athbhreithniú Teorann Rialtais Áitiúil	1	20
Clár Luaineachta Foirne	-	45
Pobalbhreitheanna Méara Dírthoghcháin	-	39
	270	525
<u>Údaráis Neamháitiúla</u>		
Comhpháirtíocht Áitiúil	75	75
Riarachán an Mhuirir Theaghlaigh	55	59
Muirir Bhainc	20	14
Feabhsúcháin na mBailte agus na Sráidbhailte	10	10
Forchúiteamh Táillí Sainchomhairleoireachta Eacnamaíochta	-	9
Iomlán	430	692

21. Ioncam fabhraithe

Léirítear mar seo a leanas an t-ioncam fabhraithe:

	2021 €000	2020 €000
Cáin Mhaoine Áitiúil	418	2,432
Aisíocaíochtaí Tarscaoileadh Rátaí Covid-19	242	2,825
Aisíocaíocht i leith Tacaíocht don Turasóireacht	2	-
Iomlán	662	5,257

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

22. Ilchreidiúnaithe

Léirítear leis an bhfigiúr seo dliteanais fhabhráithe mar seo a leanas:

	2021	2020
	€000	€000
Tarscaoileadh Rátaí Covid-19	61,740	1,907
Tacaíochtaí breise Covid-19	59,957	132,662
Costais Luacha Saothair Comhaltaí Tofa	3,400	-
An Tionscnamh Forbartha Eacnamaíochta	445	-
Nuálaíocht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil	358	191
Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil Éigeandála	231	50
Coiste na Réigiún	174	178
Feabhsú Limistéar Poiblí	165	-
Riarachán an Mhuirir Theaghlaigh	39	45
Tacaíocht d'Imeachtaí Idirnáisiúnta	25	-
Leithdháiltí Cánach Maoine Áitiúla	-	70
Íocaíocht dlite do na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an mbliain 2020	-	19
iomlán	<u>126,534</u>	<u>135,122</u>

